



An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

Treoir d'Fhostóirí i leith Imscrúduithe WRC



Clár Ábhar

Réamhrá	2
Uainiú an Imscrúdaithe	4
Suíomh an Imscrúdaithe	4
An Chumarsáid	5
Ullmhú don Imscrúdú	6
An tImscrúdú	6
Comhroinnt na Faisnéise le Comhlachtaí Eile	12
Seirbhís den Scoth do Chustaiméirí a Chinntiú	13
Seicliosta Fostóirí	14
Tuilleadh Eolais	15
Aguisín	16



Réamhrá

Féachann an WRC chun béascna comhlíonta le dlí na fostaíochta ghnóthú, trína chur in iúl d'fhostóirí agus d'fhostaithe faoina bhfreagrachtaí agus teidlíochtaí faoi seach, agus trína bheith ag obair i gcomhar a chéile leo agus lena n-ionadaithe.

Is eochairchuid den cheadú agus de chinntiú an chomhlíonta é an saothrú le fhostóirí aonair tríd an bpróiseas imscrúdaithe WRC. Tá an Treoir seo deartha chun cúnaimh le fhostóir chun an próiseas imscrúdaithe a thuiscint agus chun ullmhú i gcomhair imscrúdaithe. Ní chaitheann imscrúdú WRC bheith deacair ná trom d'fhostóir éigin. Níl aon inní ag fhostóirí comhlíontacha, agus acu siúd atá toilteanach chun bheith mar sin agus a chomhoibríonn leis an bpróiseas imscrúdaithe. Cuideoidh cothabháil na dtaifead ceart agus a gcur ar fáil dár gCigire linn chun fáil amach go tapa más comhlíontach í láthair oibre an fhostóra, nó chun aon t-eolas éigeantach a sholáthar don fhostóir chun éirí comhlíontach. Is gnách gur féidir limistéir neamh-chomhlíonta a aithint i rith an phróisis imscrúdaithe a réiteach go sásúil ach cumarsáid agus comhoibriú leis an gCigire.

I dteannta leis na ceaduithe comhlíonta, is amhlaidh a sholáthraíonn an WRC seirbhís faisnéise d'fhostóirí. An fostóir a theastaíonn faisnéis uathu i leith aon limistéir de dhlí na fostaíochta; is féidir leo dul i dteagmháil le hOifig Faisnéise WRC nó ceist a chur ar an gCigire. Soláthraítear sonraí teagmhála don WRC ar Leathanach 15 den Treoir.

Is éard is aidhm leis ná chun an próiseas imscrúdaithe a dhéanamh chomh simplí agus is féidir d'fhostóirí agus chun a laghad ama agus acmhainní d'fhostóir éigin a ghlacadh. Is féidir le fostóir cuidiú leis an WRC chun é seo a ghnóthú ach a dtaifid fostaíochta a chur ar fáil agus bheith nuashonraithe tráth an imscrúdaithe.

Cuirtear oiliúint ar na Cigirí WRC chun dul i mbun a saothair ar bhealach gairmiúil, cúirtéiseach agus cóir, agus i gcomhréir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe WRC. Má bhíonn fostóir míshásta tar éis imscrúdaithe i leith gné ar bith den chaoi a stiúrtar an t-imscrúdú, gur féidir le fostóir gearán a thabhairt don WRC. Leagtar amach an próiseas do thabhairt gearáin ag Leathanach 13 den Treoir seo.



Uainiú an Imscrúdaithe

Gheobhaidh fostóir réamhfhógra d'imscrúdú go coitianta. Seolfar litir choinne, ina dtugtar dáta agus tráth molta don imscrúdú, chuig an bhfostóir. Má bhíonn cúis bhailí aige/aici faoin bhfáth nach féidir an t-imscrúdú a dhéanamh ag an tráth ceaptha, ba cheart don Chigire teagmháil a dhéanamh chomh luath agus ab fhéidir chun dáta agus tráth malartach a shocrú. Is féidir leis an gCigire teacht gan coinne fógraithe i roinnt cásanna freisin.

Suíomh an Imscrúdaithe

Ní foláir d'fhostóir de réir an dlí chun a gcuid taifead fostaíochta a choinneáil ag an láthair fostaíochta. Is iondúil go nglacfaidh an Cigire leis gurb anseo a tharlóidh an t-imscrúdú. Dá mba mhian le fostóir chun an t-imscrúdú a dhéanamh in áit éigin eile, ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh leis an gCigire, a bhreithneoidh aon iarratais réasúnta chun an t-imscrúdú a dhéanamh ag láthair mhalartach.

Tithe cónaithe príobháideacha

Ní rachaidh Cigire isteach ar theach cónaithe príobháideach gan toiliú an tsealbhóra tí ná gan barántas Cúirte. Sa chás go dtarlóidh an t-imscrúdú i dteach cónaithe príobháideach, ba cheart don fhostóir an Cigire a chur ar an airdeall roimh ré.

An Chumarsáid

Áireofar le gach comhfhreagras ó Chigirí WRC sonraí teagmhála an Chigire (líne thalún diailithe dhírigh agus seoladh ríomhphoist). Má bhí imscrúdú ag an bhfostóir agus go dteastaíonn nuashonrú i leith an cháis uathu, ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh go díreach leis an gCigire. Má dhéantar teagmháil leis an gCigire thar ghuthán, caitheann an Cigire bheith sásta faoi aitheantas fostóra sula soláthraítear faisnéis i leith cáis éigin. Is amhlaidh atá chun a chinntiú go gcoinnítear faisnéis fostóra go rúnda. Caitheann Cigirí WRC freagra den scoth a sholáthar ar aon chomhfhreagras scríofa chomh luath agus is féidir, ach nach déanaí ná deich lá oibre ón dáta fála agus chun glaonna gutháin a sheoladh ar ais laistigh de dhá lá oibre.

Má roghnaíonn fostóir ionadaíocht ag aturnae nó cuntasóir éigin, gheobhaidh siad an fhaisnéis chéanna agus a sholáthródh an WRC d'fhostóir éigin. I ngach aon chás eile mar ar mhaith le fostóir go bpléifimis le hionadaí, beidh ar an bhfostóir Foirm Údaráis a chomhlánú ag deimhniú gur féidir leis an WRC faisnéis ábhartha a nochtadh don tríú páirtí. Tá Foirm Údaráis an WRC ar fáil ó www.workplacerelations.ie nó ón gCigire.

Cuirfear gach fostóir imscrúdaithe ar an eolas i scríbhinn nuair a thugtar imscrúdú chun conclúide.

Ullmhú don Imscrúdú

Is é an bealach is fearr chun ullmhú i gcomhair imscrúdaithe ná go gcinnteodh an fhostóir go mbíonn taifid fostaíochta nuashonraithe a theastaíonn de réir an dlí ar fáil lá an imscrúdaithe. (Féach Seicliosta Fostóra sa Treoir seo). Ní foláir d'fhostóir de réir dhlí na fostaíochta chun taifid a choinneáil ar feadh tréimhse trí bliana.

Beidh teimpléad le roinnt ceisteanna i dteannta le litir ag fógairt imscrúdú molta d'fhostóir éigin. Cuideoidh sé seo go mór leis an bpróiseas imscrúdaithe, agus luathófar é má bhíonn sé seo críochnaithe nuair a thagann Cigire nó má bhíonn an fhaisnéis ar fáil i bhformáid chomhchosúil. Má theastaíonn a thuilleadh faisnéis ó fhostóir i leith na dtaifead ar cheart dóibh bheith ar fáil, déan teagmháil leis an gCigire roimh ré, a bheidh sásta chun cúnamh leo.

Tugtar faoi deara: Is faoin bhfostóir chun comhoibriú leis an bpróiseas imscrúdaithe agus chun faisnéise agus taifid a sholáthar i bhformáid iomchuí chun cúnamh leis an gCigire chun cinntiúchán i leith comhlíonta a dhéanamh.

An tImscrúdú

Caitheann an Cigire an leibhéal comhlíonta a chinntiú go neamhspleách leis an dlí fostaíochta ábhartha. Is bunriachtanas é dá réir go soláthraítear gach taifead, faisnéis agus míniú a theastaíonn, ionas go mbeidh dóthain fianaise ann chun teacht ar chinntiú.

Ba chóir go mb'fheasach d'fhostóirí, in ainneoin chúis an imscrúdaithe, nó beag beann ar an gCigire a dhéanann é, is amhlaidh a chuirfear an próiseas agus nós imeachta céanna chun feidhme. Cinnteoidh na nósanna imeachta go ndéantar gach imscrúdú ar bhealach gairmiúil, comhsheasmhach agus cóir.

Cúiseanna don Imscrúdú

Is féidir imscrúduithe a thionscnamh ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear:

- Mar fhreagra do ghearáin a fuarthas i leith neamh-chomhlíonta líomhnaithe leis an reachtaíocht ábhartha um chearta fostaíochta;
- Mar chuid d'fheachtais chomhlíonta an WRC a dhírítear ar an gcomhlíonadh in earnáil shonrach nó le reachtaíocht shonrach éigin, nó,
- mar chuid de ghnáth-imscrúduithe.

Is iondúil nach soláthraíonn an WRC mionsonraí faoin bhfáth go bhfuil imscrúdú faoi leith ag tarlú ar na cúiseanna seo a leanas:

- Déantar gach imscrúdú ar an mbealach céanna, beag beann ar an gcúis don imscrúdú agus glactar leis go mbíonn an fhostóir comhlíontach mura n-aimsítear fianaise chontrártha.
- Tugtar cosaint do ghearán/ghearánaí ó íospairt fhéideartha ach gan iad a aithint.
- Tugtar cosaint don fhostóir ó chúiseamh íosparta cráiteach ach gan an fáth don imscrúdú a aithint.

Is sna himthosca sonracha seo a leanas a chuirfidh Cigire WRC in iúl don fhostóir gur tháinig gearán isteach:

- Sa chás go ndéantar ath-imscrúdú laistigh de shé mhí ón gcéad imscrúdú mar thoradh ar ghearán a fuarthas tar éis an chéad imscrúdú
- Sa chás nach mbíonn ainm gearánaí le fáil i dtaifead ar bith
- Sa chás go n-iarrann fostaí ar Chigire chun é sin a dhéanamh
- Sa chás go dtagann imscrúdú de bhun iarratais chun an cinneadh a fhorghníomhú nó de bhun cinntiúcháin ag comhlacht ceart fostaíochta

Cumhachtaí/Barántais Chigirí

Ní foláir don Chigire iad féin a chur in aithne roimh thosú imscrúdaithe éigin, agus a mBarántas Ceaptha a sholáthar don fhostóir nó dá n-ionadaí agus chun cineál agus cuspóir na cuairte/an imscrúdaithe a mhíniú i dteannta leis an mbunús reachtúil dá bhfeidhmiú.

(Féach Aguisín).



Stiúradh an Imscrúdaithe

Déanfaidh an Cigire agallamh tosaigh ar dtús leis an bhfostóir nó lena n-ionadaí. Iarrfar na taifid ábhartha ansin le himscrúdú a dhéanamh orthu. Tar éis dóibh iniúchadh a dhéanamh ar na taifid agus na háirimh éigeantacha, is amhlaidh a chuirfidh an Cigire agallamh ar shampla fostaithe ansin. Is iondúil go dtagann cruinniú/agallamh breise ina dhiaidh sin leis an bhfostóir nó lena n-ionadaí chun cur in iúl dóibh i leith na réamhthorthaí.

Má dhealraítear ón imscrúdú gur comhlíontach é fostóir leis an dlí fostaíochta ábhartha, is amhlaidh a chuirfidh an Cigire in iúl don fhostóir nó dá n-ionadaí go n-eiseofar litir, ag conclúid an imscrúdaithe.

Má bhraitheadh sárúithe féideartha le linn an imscrúdaithe, b'fhéidir go gcaithfeadh an Cigire a thuilleadh ceisteanna a chur ar an bhfostóir ina leith. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach ag an iarraidh sin (nó fiú ag céim ní ba luaithe, ag brath ar na cúinsí) chun rabhadh a thabhairt don fhostóir, .i. ag cur in iúl dóibh go bhféadfaí a mbíonn le rá acu a úsáid mar fhianaise. Déantar amhlaidh chun cosaint a thabhairt do cheart fostóra gan iad féin a inchoiriú mar thoradh ar aon ní a bheadh le rá acu. Bainfidh an Cigire leas as focail chun cur in iúl go:

“Caithfidh mé a chur in iúl duit nach gá duit rud ar bith a rá mura mian leat é sin a dhéanamh. Breacfar síos gach a mbíonn le rá agat ámh, agus is féidir é a thabhairt mar fhianaise”.

Cé gur cúis inní do roinnt daoine a bheadh le fáil rabhaidh, tá sé tábhachtach chun a thuiscint go ndéantar amhlaidh chun cearta an duine dá dtugtar an rabhadh a chosaint.

Iniúchadh na dTaifead

Is eochairghné í cothabháil na dtaifead reachtúil chun comhlíonadh a chinntiú agus is eochairchuid dár ngníomhaíocht í. Is féidir le taifid chruinne fostaithe a chosaint óna ndúshaothrú agus is féidir leo fostóirí a chosaint freisin ó líomhaintí bréagacha nó cráiteacha. Is sárú fíorchoitianta í an easpa comhlíonta le coinneáil taifead reachtúil a bhraitheann an WRC. Braitheann an WRC sárúithe beaga go rialta, agus ar dosheachanta ar uairibh iad, ag fostóirí i ndáil le coinneáil taifead.

Is iondúil go dtosaíonn Cigire imscrúdú ach sampla de bhuntaifid a iniúchadh thar thréimhse bliain amháin roimh an dáta imscrúdaithe féin. Is faoin gCigire chun a chinntiú ar cheart a thuilleadh taifead a iniúchadh laistigh de na trí bliana roimhe sin. I gcomhair mionsonraí na dtaifead a ndéanfaidh an Cigire iniúchadh orthu, féach Seicliosta an Fhostóra sa Treoir seo Leathanach 14. Sa chás nach dtásctar aon sárúithe de dhlí na fostaíochta sna taifid, agus go bhfíoraítear an méid sin trí agallaimh le fostaithe, is amhlaidh a thabharfaidh an Cigire comhairle don fhostóir dá réir agus a dhúnfar an cás.

Ba cheart go mbeadh na taifid a sholáthraítear i bhformáid iomchuí agus bheith infhíoraithe ag an gCigire. Tugtar cumhachtaí do na Cigirí WRC chun cóipeanna de thaifid fostaíochta a ghlacadh agus tabharfaidh an Cigire leo cóipeanna de na taifid a ndearnadh iniúchadh orthu sula bhfágтар an t-áitreabh. Mura mbíonn an tsaoráid ag fostóir do chóipeáil na dtaifead agus nach féidir na taifid a chóipeáil ar bhealach ar bith eile, féadann an Cigire na buntaifid a thabhairt ar shiúl leo agus iad a thabhairt ar ais ansin iad. Is amhlaidh sna himthosca úd a gheobhadh an fostóir admháil i leith na dtaifead a thugtar, agus go seolfar ar ais iad trí phost cláraithe nó go pearsanta laistigh de 15 lá oibre.



Fostaithe a chur faoi Agallamh

Déantar agallaimh le sampla fostaithe chun cruinneas na dtaifead agus na faisnéise a soláthraíodh i rith an imscrúdaithe a cheadú. Bíonn Cigirí i dteideal agallamh ar chur ar aon fhostaí faoi dhlí na fostaíochta gan cead a bhfostóra. Is amhlaidh mar chúirtéis ámh agus chun aon bhriseadh isteach ar ghnó fostóra a chosc, a fhéachfaidh Cigirí WRC chun toiliú fostóra a fháil chun agallamh ar chur ar fhostaithe ar an áitreabh féin. Mura dteastaíonn ón bhfostóir go gcuirfí agallamh ar fhostaithe ar an áitreabh, nó má mheasann an Cigire gur mí-oiriúnach é chun agallaimh a dhéanamh ar an áitreabh, is féidir iad a dhéanamh lasmuigh den láthair agus lasmuigh d'uaireanta oibre. Sna himthosca áirithe mar nach féidir ná nach iomchuí chun agallamh ar chur ar fhostaithe, is féidir leis an gCigire ceistneoirí fostaithe a eisiúint sa phost chuig na fostaithe roghnaithe. Tá ceistneoir samplach ar fáil ar www.workplacerelations.ie.

Mar ar Léir an Comhlíonadh

Sa chás go mbíonn na taifid éigeantacha ar fáil agus go léirítear comhlíonadh iontu le dlí na fostaíochta agus go bhfóraitear an méid sin ina dhiaidh sin trí agallaimh le fostaithe, is féidir an t-imscrúdú a dhéanamh go héifeachtúil agus leis an mbriseadh isteach íosta ar ghnó fostóra. Is tar éis na n-imscrúduithe úd a eiseoidh an Cigire litir ag tabhairt an imscrúdaithe chun conclúide.


Mar a mBraitear Neamh-Chomhlíonadh beag

Is amhlaidh i gcásanna áirithe mar a mbaineann sárúithe beaga nó dosheachanta ar uairibh, a iarrfaidh an Cigire ar an bhfostóir chun iad a cheartú. Dúntar an comhad sna cásanna úd mar a léiríonn an fostóir chun sástacht an Chigire gur ceartaíodh an t-ábhar.

Neamh-Chomhlíonadh lena mBaineann Ganníocaíocht Pá

Más ann do chúiseanna chun creideamh gur íocadh ní ba lú ná an t-íosmhéid dá bhforáiltear sa dlí le fostaithe, is amhlaidh a fhéachann an WRC chun pá neamhíochta a aisghabháil do gach fostaí (idir fhostaithe reatha agus iarfhostaithe) ar aithníodh ganníocaíochtaí ina leith.

Iarrfar ar an bhfostóir chun méid aon phá neamhíochta atá dlite d'fhostaithe a áireamh. Ceadóidh an Cigire na háirimh sin ansin chun a chinntiú go dtagann na rátaí pá leis an reachtaíocht ábhartha. Féadann an Cigire ceadú le fostaithe de réir mar is gá i rith an phróisis sin.



Féachann an WRC i ngach aon chás chun pá neamhíochta a íoc chomh luath agus is féidir. Ní bhíonn an chumhacht ná an t-údarás ag an WRC ná ag a Chigirí, chun aontú ar shuim chomhréitithe i ndáil le pá neamhíochta le fostaithe, ná chun aon chuid de theidlíochtaí dlíthiúla fostaí a idirbheartú chun neamhní.

Ní mór do gach fostóir a chuitíonn ganníocaíocht an phá íosta reachtúil Foirm Íocaíochta Pá Neamhíochta chaighdeánach an WRC a chomhlánú agus a thaisceadh in éineacht leis an bhfianaise gur íocadh an méid iomchuí. Bíonn Foirm Íocaíochta don Phá Neamhíochta ar fáil lena híoslódáil freisin ó www.workplacerelations.ie nó trí theagmháil a dhéanamh go díreach leis an WRC. Ní ghlactar aon ghníomh breise agus dúntar an cás i mórán na gcásanna ina n-aithnítear pá neamhíochta agus go n-íoctar ina dhiaidh sin iad.

Neamh-Chomhlíonadh Tromchúiseach agus/nó Neamh-chomhoibriú

Is ann do chásanna nuair is gá agus is iomchuí don WRC chun pionóis dlíthiúla a ghairm i gcoinne fostóirí neamh-chomhlíontacha. Féadann eisiúint Fógraí Comhlíonta agus Fógraí Íocaíochta Seasta bheith bainteach leis sin agus/nó ionchúiseamh fostóirí a dhiúltaíonn chun comhlíonadh leis an dlí, a mhainníonn chun comhoibriú leis an bpróiseas imscrúdaithe, agus/nó a sháraigh an dlí uair i ndiaidh a chéile.

Bunaítear na cinntí faoi ionchúiseamh a thabhairt i gcoinne fostóra as dlí na fostaíochta a shárú ar mheasúnú comhsheasmhach comhréireach agus cóir ar ghéire an tsáráithe líomhnaithe. Tabharfar fachtóirí maolaithe ar nós an leibhéil chomhoibríthe a fuarthas, stair na sárúithe roimhe sin, ar cheartaigh an fostóir an sárú/na sárúithe, an bhfuair na fostaithe sásamh i bhfoirm pá neamhíochta nó teidlíochtaí eile, nuair a thagtar ar chinneadh.

Comhroinnt Faisnéise le Comhlachtaí Eile

Tá cumhachtaí reachtúla ag an WRC chun faisnéis a roinnt le gníomhaireachtaí eile, go háirithe le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Féadann an WRC comh-imscrúduithe a dhéanamh freisin leis na comhlachtaí úd. Déantar an chomhroinnt faisnéise nó an ghníomhaíocht comhchigireachta sin i roinnt cúinsí, lena n-áirítear cásanna ina bhféadann priacaíl an neamh-chomhlíonta thar il-limistéir teacht aníos. Féadtar glacadh le comhchur chuige freisin mar a ndiúltaíonn fostóir chun comhoibriú le ceann amháin de na heagrais, nó chun taifid a sholáthar dóibh.

Seirbhís den Scoth do Chustaiméirí a Chinntiú

Tá an WRC tiomanta chun seirbhís ardcháilíochta a sholáthar. Is eochairchuid de thomhas agus feabhsú leanúnach na seirbhíse é an t-aiseolas ó chustaiméirí, mar shampla i bhfoirm tráchtanna agus moltaí ó dhaoine a bhain leas as ár seirbhísí nó a raibh imscrúdú acu. Déanaimid suirbhéanna go rialta chun cúnaimh leis an bpróiseas úd. Féadann fostóir foirm suirbhé custaiméara WRC a fháil tar éis imscrúdaithe. Glactar roinnt ama chun an suirbhé a chomhlánú, óir go gcuirtear luach mór leis an aiseolas. Bíonn Foirm Íocaíochta don Phá Neamhíochta ar fáil lena híoslódáil freisin ó www.workplacerelations.ie nó trí theagmháil a dhéanamh go díreach leis an WRC.

Gearán a Thabhairt faoi Imscrúduithe WRC

Aon duine a bhíonn buartha faoi ghné ar bith den tseirbhís a fuarthas ón WRC, nó a mheasann gur phléigh ball foirne an WRC leo ar bhealach nár ghairmiúil, chóir ná neamhchlaonta é; ba cheart dóibh a míshástacht a chur in iúl don té lena mbaineann. Má fhanann an cás gan réiteach, is féidir gearán scríofa foirmiúil a dhéanamh chuig an WRC i gcomhréir le Cairt Seirbhíse an Choimisiúin do Chustaiméirí agus leis na Nósanna Imeachta um Ghearáin.



Bíonn sonraí iomlána faoin gcaoi chun gearán a thabhairt i ndáil le himscrúdú éigin in éineacht leis na sonraí teagmhála ábhartha ar fáil ar www.workplacerelations.ie go díreach ón WRC féin.

Seicliosta Fostóirí

Is amhlaidh i mórán mór na gcásanna a shásóidh na fostóirí ar féidir leo 'is ea' a thabhairt mar fhreagra do na ceistanna sa seicliosta thíos a n-oibleagáidí dlíthiúla i ndáil le coinneáil taifead, ar an gcuntar go gcothabháiltear na taifid agus go gcuirtear ar fáil iad dá n-imscrúdú i bhformáid iomchuí agus gur féidir leis an gCigire iad a fhíorú. Féadann taifid bhreise bheith de dhíth i gcásanna áirithe, go sonrach sna hearnálacha a thagann faoi réir comhaontuithe earnálacha sonracha, chun comhlíonadh iomlán a léiriú.

Seicliosta Fostóra

AN bhFUIL AGAM:	
Uimhir chlárúcháin m'fhostóra leis na Coimisinéirí Ioncaim	<input type="checkbox"/>
Liosta m'fhostaithe: ainmneacha iomlána, seoladh agus uimhreacha PSP	<input type="checkbox"/>
	<input type="checkbox"/>
Dátaí tosaithe agus, más ábhartha dátaí críochnaithe na bhfostaíochtaí	<input type="checkbox"/>
Téarmaí fostaíochta scríofa i leith gach ceann d'aicmiú poist fhostaithe m'fhostaithe.	<input type="checkbox"/>
Taifead den tsaoire bhliantúil agus de na Laethanta Saoire Poiblí a ghlac	<input type="checkbox"/>
gach aon fhostaí, Uaireanta oibre i leith gach fostaí (lena n-áirítear	<input type="checkbox"/>
tráthanna tosaithe agus críochnaithe)	<input type="checkbox"/>
Mionsonraí párolla lena n-áirítear: idir oll agus glan, ráta in aghaidh na huaire, ragobair, asbhaintí, coimisiún, bónais agus muirir sheirbhíse, srl.	<input type="checkbox"/>
Fianaise go soláthraím duillíní pá d'fhostaithe,	<input type="checkbox"/>
clár d'aon fhostaí faoi bhun 18 bliain d'aois,	<input type="checkbox"/>
Sonraí d'aon bhia agus lóistín a soláthraíodh	<input type="checkbox"/>
Ceadanna fostaíochta nó fianaise nach dteastaíonn an ceadú mar is cuí do neamhnáisiúnaigh an LEE	<input type="checkbox"/>
An teimpléad comhlánaithe a seoladh leis an litir choinne nó an fhaisnéis chéanna infhaighte i bhformáid chomhchosúil.	<input type="checkbox"/>

Tuilleadh Faisnéise

Soláthraíonn an WRC réimse bileog eolais agus Treoracha chun cúnamh le fostóirí agus le fostaithe i ndáil le cearta agus oibleagáidí faoi dhlí fostaíochta na hÉireann. Tá liosta iomlán díobh siúd ar fáil ar ár láithreán gréasáin nó ó cheann ar bith dár n-oifigí.

Sonraí Teagmhála

Na fostóirí le ceisteanna faoi imscrúdú ar leith, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leis an gCigire go díreach. I gcomhair fiosruithe eile nó tuilleadh faisnéise faoi dhlí na fostaíochta, déantar teagmháil leis an WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméirí

Bóthar Uí Bhriain,

Ceatharlach,

Éire.

Fón: (059) 917 8800

Facs: (059) 917 891

www.workplacerelations.ie

Seirbhís Faisnéise an WRC Fón: (059) 917 8990

Lóghlao: 0818 80 80 90

Facs: (059) 917 8909

Tugaidís glaoiteoirí faoi deara go bhféadann na rátaí a ghearrtar d'úsáid na n-uimhreacha 0818 (LóGhlao) bheith éagsúil ó sholáthraí seirbhíse amháin dá chéile.

Aguisín

Síneofar an Barántas nó Deimhniú Coinne ag Cigire le hArd-Stiúrthóir an WRC agus is ann a gheofar suaitheantas an WRC féin. Bíonn na Cigirí i seilbh Barántais Choinne mar Oifigeach Údaraithe freisin faoi reachtaíocht shonrach. Atáirgtear thíos an cineál faisnéise a fhaightear sna Barántais:

BARÁNTAS CEAPACHÁIN (Cigire)

I gcomhréir le Cuid 26(1) den Acht Caidrimh Thionscail 2015, ceaptar (teideal)[] [Céadainm] [Sloinne] leis seo mar Chigire agus is féidir leo gach cumhacht a chleachtadh agus gach dualgas a fheidhmiú agus a deonaíodh nó a gearradh ar Chigire faoin Acht Caidrimh Thionscail 2015.

DEIMHNIÚ BARÁNTAIS CHEAPACHÁIN (Cigire)

I gcomhréir le Cuid 26(2) den Acht Caidrimh Thionscail 2015, meastar (teideal)[] [Céadainm] [Sloinne] leis seo mar Chigire, agus is féidir leo gach cumhacht a chleachtadh agus gach dualgas a fheidhmiú agus a deonaíodh nó a gearradh ar Chigire faoin Acht Caidrimh Thionscail 2015.

BARÁNTAS CEAPACHÁIN (Oifigeach Údaraithe)

Ceapann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta leis seo an té thíosluaite de bheith ina:-

nOifigeach Údaraithe chun gach cumhacht a chleachtadh agus gach dualgas a fheidhmiú agus a deonaíodh nó a gearradh ar Oifigeach Údaraithe faoi na hAchtanna seo a leanas:-

- An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2003
- An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006
- An tAcht um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) 2014
- An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971

workplacerelements.ie